



An Bhruiséil, 15 Samhain 2023
(OR. en)

15128/23

LIMITE

DEVGEN 196
RELEX 1279
ACP 109
SUSTDEV 139
DIGIT 249
ENV 1250
CLIMA 540

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle
Ábhar:	Aistriú sóisialta, glas agus digiteach - Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle

1. Ba thosaíocht d'Uachtaránacht na Spáinne i réimse an chomhair um fhorbairt agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta aistriú a éileamh, ní hamháin aistriú glas agus digiteach ach aistriú sóisialta freisin, chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach, agus é á chur i bhfios go láidir go mbeidh conarthaí sóisialta nua mar thoradh ar an ngné shóisialta chun éagothromaíochtaí agus leochaileacht shóisialta a laghdú tríd an bhforbairt dhaonna.
2. Chuir Uachtaránacht na Spáinne dréachtchonclúidí ón gComhairle faoi bhráid na Meithle um Chomhar don Fhorbairt agus um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta (WP CODEV-PI), a tháinig ar chomhaontú ar leibhéal na meithle an 15 Samhain 2023.
3. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an comhaontú maidir leis an téacs mar a leagtar amach é san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo a dhearbhu agus an téacs a chur faoi bhráid na Comhairle lena fhormheas.

DRÉACHT**Conclúidí ón gComhairle maidir le haistriú sóisialta, glas agus digiteach**

1. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit tiomanta do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus lena Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) mar threochlár comhchoiteann, uilíoch agus doroinnte i dtreo todhchaí inbhuanaithe shíochánta. Athdhearbhaíonn an Chomhairle freisin na gealltanais atá sna Conclúidí ón gComhairle an 27 Meitheamh 2023 maidir leis an Aontas agus é leath bealaigh trí chur chun feidhme Chlár Oibre 2030, chomh maith leis an dearbhú polaitiúil ó Chruinniú Mullaigh SDG 2023. I ndáil leis sin, cuireann an Chomhairle i dtreis a ábhartha atá an chéad athbhreithniú deonach ón Aontas a cuireadh i láthair ag Fóram Polaitiúil Ardleibhéal na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe an 19 Iúil 2023 mar léiriú nithiúil ar thiomantas daingean an Aontais don fhorbairt inbhuanaithe sa bhaile, mar phríomhspreagadh ghníomhaíocht an Aontais, agus ar fud an domhain trí thacú le tíortha comhpháirtíochta ina n-iarrachtaí cur chun feidhme.
2. Meabhraítear don Chomhairle an Comhdhearcadh Eorpach Nua maidir le Forbairt agus cuireann sí chun suntais an ról ceannasach atá ag an Aontas agus a Bhallstáit i gcur chun feidhme comhleanúnach, cuimsitheach agus éifeachtach na dtrí ghné de Chlár Oibre 2030 – eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil – ar bhealach cothrom comhtháite i ndáil lena threoirphrionsabail maidir le rannpháirtíocht, trédhearcacht, cuntasacht agus tiomantas gan aon duine a fhágáil ar lár, agus é fréamhaithe i gcur chuige atá bunaithe ar chearta an duine.
3. Cuireann an Chomhairle i dtreis go bhfuil bac á chur faoi láthair ar an bhforbairt inbhuanaithe mar gheall ar chomhthéacs idirnáisiúnta ina bhfuil éiginnteacht mhór agus dinimic gheopholaitiúil nua. I sochaí dhomhanda atá fíor-idirnasctha, tá géarchéim an athraithe aeráide agus an éigeandáil éiceolaíoch ag dul in olcas mar gheall ar thurraingí agus coinbhleachtaí mar shampla paindéim COVID-19 agus cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, as a n-eascaíonn díchobhsú an tírdhreacha geopholaitiúil, géarú ar dhúshláin dhomhanda, agus leochaileacht mhéadaitheach, a bhfuil tionchar suntasach aige i dtíortha atá i mbéal forbartha. Tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis inní di torthaí na Tuarascála maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe Dhomhanda¹ i dtaca le cúlchéimniú na spriocanna forbartha inbhuanaithe chomh maith leis an gcúlú san Innéacs um Fhorbairt Dhaonna, ina ndéantar an comhphobal idirnáisiúnta a scaradh ó Chlár Oibre 2030 a chomhlíonadh, rud a chuireann bac ar aistrithe inbhuanaithe cuimsitheacha.

¹ <https://sdgs.un.org/gsdr/gsdr2023>

4. Aithníonn an Chomhairle gur cheart, sa chreat a mholtar faoi Chlár Oibre 2030, na hathruithe struchtúracha is gá a chothú leis na haistrithe glasa agus digiteacha chun na SDGanna agus spriocanna Chomhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide agus Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming Montréal a bhaint amach. D'fhéadfadh na haistrithe sin agus na hidirnaise a bhaineann leo samhlacha idirnáisiúnta tomhaltais agus táirgthe atá inbhuanaithe, cothrom, cuimsitheach agus iomaíoch a chomhchruthú le chéile, samhlacha atá níos dírithe ar an duine, níos tíosaí ar acmhainní agus níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol, lena gcuirfear geilleagar ciorclach agus réitigh dhúlra bhunaithe chun cinn, lena gcuirfear borradh faoin nascacht, faoin nuálaíocht agus faoin gclaoclú eacnamaíoch. Má dhéantar beartais aistrithe a cheapadh go comhleanúnach ar fud earnálacha agus leasanna na dtíortha comhpháirtíochta á gcur san áireamh mar aon le cúinsí sóisialta, saorthrádail, fiontraíocht agus beartais mhaithe forbartha gnó, tá sé d'acmhainn ag na haistrithe sin poist fhoirmiúla, chuibhiúla agus ardcháilíochta a bhfuil breisluach ard ag baint leo a chruthú chomh maith le comhionannas, cuimsiú sóisialta agus díothú na bochtaineachta a chur chun cinn.
5. Cuireann an Chomhairle chun suntais go háirithe gur bagairt don fhorbairt inbhuanaithe iad na leibhéil mhéadaitheacha bochtaineachta agus neamhionannas laistigh de thíortha agus ina measc. Cuireann siad bac ar chobhsaíocht eacnamaíoch fhadtéarmach agus ar fhás glas agus cuimsitheach, bíonn tionchar acu ar shláinte, slándáil bia agus cothaithe, oideachas, comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní, déanann siad dochar don chomhtháthú sóisialta, baineann siad an bonn ó dhlisteanacht institiúideach, agus déanann siad dochar don chomhshaol. Ina theannta sin, tá an neamhionannas, an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta ina spreagadh tábhachtach don chorrail shóisialta, don éagobhsaíocht pholaitiúil agus don choinbhleacht.
6. Chun nach bhfágfar aon duine ar lár, tairbhí an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh a ghíaráil, agus iad a dhéanamh cóir, inbhuanaithe, athléimneach, claochlaitheach agus cuimsitheach, ba cheart clár oibre sóisialta láidir agus dearfach a fheabhsú agus a chur chun cinn i gcomhar le tíortha comhpháirtíochta. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go léirítear luachanna an Aontais leis an gcur chuige cuimsitheach sin, atá bunaithe ar an aistriú sóisialta, ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach, agus go bhfuil sé mar aidhm leis neamhspleáchas na dtíortha comhpháirtíochta a neartú agus go dtugtar breisluach do chomhpháirtíocht an Aontais leis.

7. Is éard a bheadh i gceist leis an gclár oibre sóisialta sin go háirithe beartais a neartú i réimsí an oideachais, lena n-áirítear oiliúint agus oideachas teicneolaíochta agus gairme, sláinte, obair chuibhiúil, cosaint shóisialta, agus rochtain ar sheirbhísí poiblí bunúsacha ar ardchaighdeán, go háirithe Uisce, Sláintíocht agus Sláinteachas (WASH), i measc nithe eile. Bheadh sé á threorú ag prionsabail creata um aistriú cóir do chách chomh maith le díothú na bochtaineachta agus laghdú na neamhionannas, cur chun cinn an chomhionannais inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní, rannpháirtíocht agus cumhachtú na hóige agus cuimsiú daoine faoi mhíchumas. Bheadh an clár oibre sóisialta sin bunaithe freisin ar chomhtháthú beartais, ar dhea-rialachas agus ar chur chuige atá bunaithe ar chearta an duine, agus bheadh sé dírithe ar bheartais lena ndéantar cúram agus luach saothair neamhíochta a aithint, a laghdú agus a athdháileadh agus lena léirítear obair chúraim íochta. Meabhraítear don Chomhairle na gealltanais a bunaíodh i Rialachán NDICI-GE 20 % ar a laghad den chúnamh oifigiúil um fhorbairt ODA a chistítear faoin ionstraim a ranníoc leis an gcuimsiú sóisialta agus leis an bhforbairt dhaonna agus comhionannas inscne a bheith mar phrionsabal nó mar chuspóir suntasach i 85 % ar a laghad de na gníomhaíochtaí nua a chuirtear chun feidhme.
8. Comhtháthú sóisialta a neartú agus rochtain ar sheirbhísí sóisialta bunúsacha agus ar chosaint shóisialta a éascú, bochtaineacht agus neamhionannais a laghdú agus d'fhéadfadh sé conarthaí sóisialta nua agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn ar fud an domhain. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, tacú le forbairt na gcóras náisiúnta cosanta sóisialta do gach ball den tsochaí, chun deiseanna sóisialta agus eacnamaíocha le haghaidh aistriú cóir a chur chun cinn agus chun a áirithiú nach bhféadfar aon duine ar lár, chomh maith le tacú le hathchóirithe as a dtiocfaidh institiúidí éifeachtacha, cuntasacha agus trédhearcacha, beartais chuimsitheacha, dea-rialachas, an smacht reachta, agus rochtain ar cheartas.
9. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé SDG 10 ‘An neamhionannas a laghdú laistigh de thíortha agus ina measc’ a chur chun feidhme. Cuireann an Chomhairle i dtreis go bhfuil sé ríthábhachtach faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar neamhionannais. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Chomhairle Marcóir Neamhionannais an Choimisiúin Eorpaigh (I-Marcóir) agus an úsáid a bhaintear as Measúnuithe ar Thionchar Dáileach. Molann an Chomhairle freisin go gcuirfí Marcóir Neamhionannais i bhfeidhm ar an mbealach is leithne, lena n-áirítear i dTionscnaimh Fhoireann na hEorpa agus maidir leis an Global Gateway, agus molann sí do na Ballstáit í a úsáid. Ina theannta sin, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá Tionscnaimh Fhoireann na hEorpa maidir le héagothromaíochtaí a sháru (Príomhthionscadail Chomhionannais) agus molann sí don Choimisiún tuilleadh tionscnamh a chur chun cinn sa réimse sin. Athdhearbhaíonn sí freisin ábharthacht an Chláir Oibre um Rialáil Níos Fearr, lena n-áirítear na measúnuithe tionchair rialála chun Comhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt a threisiú.

10. Meabhraítear don Chomhairle freisin go bhfuil an tAontas tiomanta cur chuige bunaithe ar chearta an duine a chur chun cinn, a chuimsíonn cearta uile an duine, bídís ina gcearta sibhialta, cultúrtha, eacnamaíocha, polaitiúla nó sóisialta, agus iad a bheith i gcroílár na dtionscnamh uile a bhaineann leis na SDGanna. Cuireann sí i bhfios go láidir go gcuidíonn fíorú chearta an duine leis an mbochtaineacht agus leis an neamhionannas a laghdú agus leis na SDGanna uile a bhaint amach. Is tosaíocht i gcónaí é cearta an duine, lena n-áirítear cearta saothair, agus an daonlathas agus an smacht reachta a urramú, a chosaint agus a chur chun cinn.
11. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé SDG 16 ‘Síocháin, ceartas agus institiúidí láidre’ a chur chun feidhme, ós rud é gur réamhchoinníollacha don fhorbairt inbhuanaithe iad sochaithe síochánta, athléimneacha, cothroma agus cuimsitheacha a chur chun cinn, rochtain ar cheartas a éascú do chách, agus institiúidí éifeachtacha, cuntasacha agus trédhearcacha a fhorbairt. Meabhraítear don Chomhairle na conclúidí uaithi an 19 Bealtaine 2017 maidir le ‘oibriú an nasc idir an daonnúlacht agus an fhorbairt’, ina n-iarrtar ‘cur chuige na neamhdhiobhála’ agus ina leagtar béim ar an ngá atá le cur chuige don phleanáil a ghlacadh a bheadh níos sonraí don chomhthéacs agus níos solúbtha maidir le hidirghabhálacha forbartha i staideanna leochaileacha atá buailte ag coinbhleacht.
12. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn sí le Geilleagar na Dea-bhaile² i gcroílár Chlár Oibre 2030 agus le haghaidh Thionscnamh na hOlltáirgeachta Intíre (OTI) Thar Lear. Tugtar le tuiscint leis an dá cheann go bhfuil coincheap forbartha neamhlíneach agus iltoiseach ann a théann níos faide ná paraiméadair atá go hiomlán eacnamaíoch.
13. Athdhearbhaíonn an Chomhairle tiomantas láidir an Aontais do shochaí shibhialta chumhachtaithe, lena n-áirítear eagraíochtaí um chearta na mban agus gluaiseachtaí feimineacha, d’eagraíochtaí a mholann cearta leanaí agus cearta daoine faoi mhíchumas, do chosantóirí chearta an duine agus do chomhpháirtithe sóisialta, agus do thimpeallacht chumasúcháin agus inrochtana don tsochaí shibhialta. Cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé tacaíocht a thabhairt do thíortha comhpháirtíochta chun próisis dhaonlathacha, idirphlé sóisialta agus córais chuntasachta a fheabhsú. Leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé tacú le hacmhainneacht eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna) rannchuidiú le Clár Oibre 2030 a bhaint amach, mar ghníomhaithe dea-rialachais agus forbartha astu féin, chomh maith le rannpháirtíocht na sochaí sibhialta i gceapadh beartas agus i gcinnteoireacht.

² Conclúidí ón gComhairle maidir le Geilleagar na Dea-Bhaile (IO 2019/C 400/09, 13432/19).

14. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an clár oibre maidir le héifeachtacht na forbartha agus cuireann sí i bhfios go láidir gur gá acmhainní airgeadais a shlógadh ar bhealach suntasach agus inbhuanaithe i ndáil leis an aistriú sóisialta, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach. I gcomhréir le Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa, tugann an Chomhairle an méid seo a leanas dá haire:
- a. Cuireann ODA, mar aon le foinsí maoinithe eile, fás fadtéarmach inbhuanaithe cuimsitheach chun cinn agus leanann sé de bheith ina fhoinse an-ábhartha maoinithe agus saineolais do thíortha comhpháirtíochta. Tá sé iontaofa agus tá ról cataleáioch aige i bpróisis forbartha chlaohlaitheacha agus i mbaint amach na spriocanna forbartha inbhuanaithe, rud a fhágann gur féidir acmhainní náisiúnta agus idirnáisiúnta a shlógadh ó fhoinsí poiblí agus príobháideacha.
 - b. Tacaíonn an tAontas le tíortha comhpháirtíochta feabhas a chur ar a mbainistíocht airgeadais phoiblí, agus béim ar leith á leagan ar Shlógadh Acmhainní Intíre. Cuireann sé cur chuige claochlaitheach chun cinn maidir le bainistíocht airgeadais phoiblí lena dtugtar aghaidh ar bhunchúiseanna an neamhionannais inscne agus míchumais, lena nasctar go dlúth é le beartais cosanta sóisialta a cheapadh agus a chur chun feidhme. Chun Slógadh Acmhainní Intíre a fheabhsú, ní mór spás fioscach a dhaingniú agus córais chánach éifeachtacha agus fhorchéimnitheacha a bhunú. Ina theannta sin, ba cheart dlús a chur leis an gcomhar intíre agus idirnáisiúnta i gcomhrac na himghabhála cánach agus sreabha aindleathacha airgeadais.
 - c. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar níos mó infheistíochtaí ón earnáil phríobháideach chun tacú le forbairt inbhuanaithe na dtíortha comhpháirtíochta, mar a chuirtear chun cinn le straitéis Global Gateway, agus prionsabal na húinéireachta á chur san áireamh i gcónaí. Chun cistiú príobháideach a mhealladh le haghaidh tionscadail inbhuanaithe fhadtéarmacha ardcháilíochta, tá sé ríthábhachtach freisin infheistíocht a dhéanamh san fhorbairt dhaonna agus san fhothú acmhainneachta, feabhas a chur ar chórais airgeadais náisiúnta agus idirnáisiúnta atá cobhsaí, ionstraimí airgeadais a bhaineann leis an inbhuanaitheacht a chur chun cinn mar shampla bannaí glasa, idir-inoibritheacht creataí agus caighdeáin airgeadais inbhuanaithe a áirithiú, creataí rialála leormhaithe de chuid an Aontais a áirithiú agus, i gcás inarb iomchuí, sásraí dí-riosca a áirithiú. Tá ról tábhachtach ag Bainc Forbartha Iltaobhacha (MDBanna) agus ag cistí forbartha eile agus tá siad ríthábhachtach chun maoiniú príobháideach a scaoileadh chun tacú leis na SDGanna ar scála.

15. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar an Ardionadaí agus ar na Ballstáit, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach, an méid seo a leanas a dhéanamh:
- a. freagairt Fhoireann na hEorpa don fhorbairt dhaonna a neartú agus a dhéanamh níos feiceálaí i dtíortha comhpháirtíochta go háirithe trí insint chomhpháirteach a chur chun cinn agus cuairteanna ardleibhéil ar an talamh a eagrú. Ba cheart an tacaíocht sin a dhíriú go príomha ar chomhionannas inscne, ar theachtadh chearta an duine ag mná agus cailíní, ar an óige agus ar dhaoine i staideanna leochaileacha, mar shampla iad siúd atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht, leanaí agus daoine faoi mhíchumas, chomh maith leo siúd a bhfuil tionchar ag an athrú aeráide orthu;
 - b. an obair le tíortha comhpháirtíochta a neartú agus a fheabhsú chun institiúidí poiblí atá cuimsitheach, ionadaíoch, trédhearcach agus cuntasach a áirithiú ar gach leibhéal a chuireann dea-rialachas agus muinín chun cinn idir saoránaigh agus a n-institiúidí chun úinéireacht áitiúil a áirithiú, agus chun rannpháirtíocht iomlán, chomhionann agus fhóinteach na saoránach agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chothú sna próisis chinnteoireachta. Tá beartais fhónta eacnamaíocha agus institiúidí daonlathacha agus trédhearcacha d'úsáid acmhainní intíre agus d'infheistíochtaí príobháideacha ríthábhachtach i ndáil leis sin;
 - c. leanúint de bhéim láidir a leagan ar thacaíocht a thabhairt do thíortha comhpháirtíochta chun córais agus bearta cosanta sóisialta a bheidh cuimsitheach, oiriúnaitheach agus inrochtana go huilíoch a cheapadh, a fheabhsú agus a chur chun feidhme. Ba cheart go n-áireofaí leo sin íosrátaí cosanta sóisialta, lena gcosnaítear daoine agus lena gcothaítear athléimneacht, lena ndreasófar cinntí agus infheistíochtaí inbhuanaithe agus glasa agus lena gcumasófar go gníomhach forbairt scileanna agus rochtain ar dheiseanna nua cuibhiúla fostaíochta;
 - d. leas iomlán agus éifeachtach a bhaint as na hionstraimí uile atá ar fáil chun aistrithe córa a chur chun cinn, lena n-áirítear Luasaire Domhanda na Náisiún Aontaithe agus Treoirlínte EIS maidir le haistriú cóir i dtreo geilleagair agus sochaithe atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de do chách, agus cur chuige Fhoireann na hEorpa á leanúint;
 - e. leas a bhaint as acmhainneacht iomlán an ollstruchtúir airgeadais Eorpaigh chun dlús a chur le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 agus chun tacú le geilleagair leochaileacha a ndaonraí a bhaint den bhochtaineacht agus an pláinéad a chosaint ag an am céanna, mar a luadh le linn chruinniú mullaigh Pháras le haghaidh comhshocrú airgeadais domhanda nua.